Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3yKPmlO

# Braon anuas ón mbuidéal

# Braon anuas ón mbuidéal

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Aerbhrú a fhiosrú – cén chaoi a dtéann achar ní i bhfeidhm ar na fórsaí a chruthaítear air?





# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Tuigim go dtagann brú ó bhrú (fórsa) ar achar ní.
- Tuigim go mbíonn aer thart orainn i gcónaí agus go gcruthaíonn sé brú ar nithe.
- Tuigim cé nach n-airím an t-aerbhrú i gcónaí, feicim céard a dhéanann sé.



# Foclóir áisiúil

- **Aer:** meascán gáis atá thart orainn agus a bhímid ag análú. Comhdhéantar é as 78% nítrigine, 20% ocsaigine, agus níos lú ná 2% d'argón, dé-ocsaíd charbóin, ceo uisce agus gáis eile.
- **Fórsa:** brú, tarraingt, nó brú agus tarraingt, a tharlaíonn nuair a thagann nithe i dteagmháil lena chéile.
- **Brú:** tomhas fórsa thar achar ar leith. Mar sin, is é **aerbhrú** an méid fórsa a chuireann aer ar achar faoi leith.
- **Domhantarraingt:** an fórsa a tharraingíonn gach ní síos i dtreo lár an Domhain.



## Céard is ciall le bheith...

# FAOI BHRÚ



Gníomhaíocht péireála agus roinnte



Nuair a shuíonn tú ag bun linne snámha, airíonn sé an-difriúil le suí sa seomra ranga.

Airíonn sé difriúil mar go bhfuil **fórsa** difriúil ann atá ag brú ort.

Cruthaíonn sé sin **brú uisce**.



# Aerbhrú

Bíonn **aerbhrú** gach áit thart orainn, an t-am ar fad. Ní thugaimid faoi deara é mar go bhfuil an oiread sin taithí againn air, **ACH** bíonn sé ag brú orainn i gcónaí.





# Modh

## Cuid a hAon

1. Leagaigí an rialóir ar an mbord le thart ar 10 cm thar an imeall.
2. Déanaigí liathróid as bileog nuachtáin agus leagaigí í sin ar bhun an rialóra ar an mbord.
3. Tuaraigí a dtarlóidh dá mbuailfí an rialóir le taobh boise láimhe.
4. Úsáidigí taobh na boise, agus déanaigí iarracht an rialóir a bhualadh go tapa. Ná brúigí ar an rialóir leis an lámh eile!



**An raibh bhur dtuar ceart?**

## Cuid a Dó

1. Leagaigí amach an rialóir mar a rinne sibh i gcuid a haon.
2. Leagaigí bileog nuachtáin **chothrom** ar an bpíosa den rialóir atá ar an mbord. Úsáidigí bileog atá díreach cosúil leis an gceann a d’úsáid sibh i gcuid a haon. **Bainigí aon roic as an mbileog** os cionn an rialóra le bheith cinnte **nach bhfuil aon phóca aeir ann**.
3. Arís, tuaraigí a dtarlóidh dá mbuailfí an rialóir le taobh boise láimhe.
4. Úsáidigí taobh na boise, agus déanaigí iarracht an rialóir a bhualadh go tapa. Ná brúigí ar an rialóir leis an lámh eile!





**An raibh bhur dtuar ceart?**



# Mar sin, céard atá ag tarlú?

Tá achar dromchla beag ag an liathróid pháipéir, mar sin níl ach colún caol aerbhrú in ann í a choinneáil thíos. Is féidir é sin a shárú go héasca ach an rialóir a bhualadh go tapa!



Tá achar dromchla mór ag an mbileog chothrom, mar sin tá neart spáis ag an aerbhrú le gníomhú uirthi agus an bhileog a choinneáil thíos. Tá sé sin níos mó ná fórsa an bhuailte!






# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim a bhfuil i gceist leis an bhfocal ‘brú’.
- Tuigim go gcruthaíonn an t-aer thart orainn brú ar na nithe ar fad a dteagmhaíonn sé leo.
- Tuigim, cé nach n-airím an t-aerbhrú i gcónaí, go bhfeicim céard a dhéanann sé.

Má tá sibh muiníneach faoin méid sin, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnán 2: íomhá © nikiteev_konstantin/Shutterstock
Sleamhnán 6: íomhá © Alex Bard/Shutterstock
Sleamhnán 7: íomhá © Royal Society of Chemistry
Sleamhnáin 8, 9 agus 10: íomhánna © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 11: íomhá © Prostock-studiol/Shutterstock